



Costas an Phoist

Réamhrá: Tá na gníomhaíochtaí seo, atá bunaithe ar mhatamaitic, an-oiriúnach le tuiscint a thabhairt do dhaltaí ar thábhacht na matamaitice sa ghnáthshaol. Tá ceisteanna ar an mbileog saothair ar an gcéad leathanach eile lena ndéanfar tástáil ar chumas léitheoireachta, chognaíoch agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla na ndaltaí.

Gníomhaíocht Matamaitice: Léirítear sa tábla thíos cé mhéid a chosnaíonn sé earraí de mhéideanna agus de mheáchain éagsúla a sheoladh laistigh d'Éirinn agus chun na hAstráile le haerphost.

Le cabhair do mhúinteora, féach an féidir leat a fháil amach cé mhéid a chosnódh sé gach ceann díobh seo a leanas a sheoladh. Costas dhá chlúdach mór 100g atá á gcur chuig seoladh laistigh d'Éirinn:

Cineál	Meáchan	Éire	An Astráil
Litir	50g	70c	€1.05
Clúdach Mór	100g	€1.25	€2.05
Paicéad	1Kg	€7.00	€11.65
Beartán	4Kg	€12.50	€50.50

Litir a mheánn 50g atá ag dul go Liatroim agus paicéad amháin a mheánn 1kg chuig an Astráil:

Clúdach mór amháin a mheánn 100g agus beartán amháin a mheánn 4kg, an dá cheann ag dul chuig an Astráil:

Tá na ceisteanna seo agus tuilleadh ar fáil ar an mbileog saothair atá faoi iamh.

Banc Focal:

Rud Éigin	An Astráil	Éagsúil
A Mheánn	Clúdach	Paicéad
		Beartán





Costas an Phoist

Moltaí le haghaidh obair bhaile:

Faigh amach ar an idirlíon nó i d'Oifig Phoist áitiúil cé mhéid a chosnódh sé litir 40g a chur go duine atá ina chónaí i Nua Eabhroc.

Ag baint úsáide as an tábla seo, an féidir leat freagraí na gceisteanna seo a oibriú amach?

Cineál	Meáchan	Éire	An Astráil
Litir	50g	70c	€1.05
Clúdach Mór	100g	€1.25	€2.05
Paicéad	1Kg	€7.00	€11.65
Beartán	4Kg	€12.50	€50.50

- Cé mhéid a chosnódh sé dhá chlúdach mór 100g a chur chuig seoladh laistigh d'Éirinn?
- Cé mhéid a chosnódh litir amháin a mheánn 50g a sheoladh agus paicéad amháin a mheánn 1kg a chur chuig an Astráil?
- Cé mhéid a chosnódh sé clúdach mór amháin a mheánn 100g agus beartán amháin a mheánn 4kg a chur chuig an Astráil?
- Dá gcuirfeadh gach duine i do rang litir amháin a mheánn 50g chuig seoladh in Éirinn, cé mhéid a chosnódh siad?
- Dá mbeifeá le paicéad a mheánn 1kg a chur chuig duine éigin a chónaíonn in Éirinn uair sa mhí ar feadh bliana, cé mhéid airgid ar fad a chaithfeá ar phostas?
- Tá bronntanas á chur agat chuig gaol leat san Astráil agus bronntanas chuig gaol in Éirinn. Cé mhéid a chaithfeá ar phostas?
- Faigheann tú 12 cárta ar do lá breithe. Tagann na litreacha go léir ó chairde agus ó ghaolta in Éirinn agus ní mheánn aon cheann níos mó ná 50g. Cé mhéid airgid a caithfeadh ar stampaí?
- Tugadh €20 duit le litreacha agus beartán a chur sa phost. Cúig litir a mheánn 50g an ceann atá ann agus beartán amháin a mheánn 4kg, agus iad go léir le cur go seoltaí in Éirinn. Cén sóinseáil a gheobhaidh tú as €20?

